

**Athbheithniú ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta**  
**AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**

**AIGHNEACHT LE CUR FAOI BHRÁID NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA**

Nuair a seoladh an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta i 2011, d'fháiltigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) roimhe, go háirithe de bharr na béime a bhí á leagan ar litearthacht agus ar uimhearthacht agus de bhrí gur tugadh aitheantas mar earnáil le riachtanais faoi leith do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Ón am sin i leith, tá áiseanna breise d'fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta curtha ar fáil ag COGG, ní hamháin don Ghaeilge agus don uimhearthacht iontu féin, ach trasna an churaclaim uile.

Tugadh tús áite do shealbhú na litearthachta trí mheán na Gaeilge agus tá Clár Luathléitheoireachta (180 leabhar céimnithe) á gcur ar fáil i bpáirt leis An Áisaonad i dTuaisceart Éireann. Tá áiseanna taca idirghníomhacha á gcur ar fáil do 'Séideán Sí' mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir an Roinn Oideachais agus Scileanna; Foras na Gaeilge/An Gúm; CCEA agus COGG. Tá forbairtí leanúnacha sa tsiúl maidir le háiseanna do fhónaic na Gaeilge. Tá treoirliostaí curtha ar fáil de gach leabhar léitheoireachta Gaeilge do pháistí bunscoile agus do dhaltaí iar-bhunscoile.

Tá réimse leathan áiseanna, idir áiseanna digiteacha agus leabhair, d'fhorbairt na huimhearthachta curtha ar fáil ag COGG agus ag CCEA i dTuaisceart Éireann le freastal ar gach leibhéal cumais sna scoileanna. Cinntíodh ag leibhéal na h-iarbhunscoile go raibh soláthar leordhóthaineach áiseanna ar fáil d'fheidhmiú 'Tionscadal Mata'.

Maidir le cúrsaí taighde, tá 2 phíosa taighde nua foilsithe ag COGG a léiríonn na dúshláin maidir le forbairt na chéad teanga sa Ghaeltacht:

*1. Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*

le Conchúr Ó Giollagáin, Brian Ó Curnáin agus Tamas Péterváry

*2. Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar Chéad Teanga sa Dátheangachas Dealaitheach*  
le Ciarán Lenoach

I gcomhthéacs Polasaí Oideachas Gaeltachta na Roinne Oideachais agus tabhairt isteach an Churaclam Comhtháite Teanga, fáiltíonn COGG roimh chinneadh na Roinne Oideachais agus Scileanna cead a a thabhairt do scoileanna luath-thumoideachas iomlán a chur ar fáil i ranganna na naíonán ( 2 scoilbhliain). Tacóidh sé seo go mór le forbairt na teanga ó bhéal, bunchloch na litearthachta. Oirfidh feidhmiú an Churaclaim Teanga Comhtháite don tumoideachas nuair a thugtar isteach sna bunranganna é an bhliain seo chugainn.

Ag an am céanna, maidir le scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc, is bearna ollmhór é gur fágadh tuairisciú ar mheasúnú ar léitheoireacht na Gaeilge amach go hiomlán as an Straitéis Litearthachta agus Uimhearhachta. Léiríonn an easpa tuairiscithe ar an nGaeilge easpa measa ar an teanga agus nach bhfuil tábhacht lena sealbhú agus bíonn tionchar dá réir aige sin ar na foghlaimeoirí agus ar a dtuismitheoirí.

- Molann COGG go láidir don Roinn Oideachais agus Scileanna an fhaillí seo a chur i gceart san athbhreithniú agus tuairisciú ar mheasúnú litearthacht na Gaeilge a thabhairt isteach i Rang a 4 agus Rang a 6 sna bunscoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán agus sa chéad nó sa dara bliain sna hiar-bhunscoileanna. Anuas air sin, moltar go mbeadh an Ghaeilge mar an dara nó an tríú ábhar sna scoileanna Béarla don bhFéinmheastóireacht Scoile.
- Le cothrom na Féinne a thabhairt do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chleachtann an tumoideachas, moltar nach mbeadh tuairisciú ar mheasúnú ar an mBéarla i gceist go dtí Rang a 4, seachas Rang a 2 mar atá sa Straitéis.
- Le tacú leis na beartais seo, molann COGG go ngluaisfí chun cinn láithreach le clár comhtháite do theagasc na Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán.

Maidir le roinnt gníomhartha eile atá luaite sa Straitéis, cúis díomá é do COGG a laghad dul chun cinn atá déanta. Cé gur pléadh go minic é le cúpla bliain anuas, níl aon athrú tagtha ar na riachtanais iontrála don oideachas tosaigh múinteoirí. Agus faid á chur leis na cúrsaí agus athruithe suntasacha á ndéanamh, cailleadh an deis na caighdeáin iontrála a leasú. Anuas air sin, cuireadh deireadh le maoiniú na gcúrsaí Gaeltachta do mhic léinn, cé go bhfuil freastal ar na cúrsaí éigeantach.

Tá sé mar chuspóir sa Straitéis clár forbartha gairmiúil leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí ó 2011 i leith le tacú leo i dteagasc na litearthachta agus na huimhearhachta, ach ní fheictear go bhfuil sé seo i bhfeidhm. Níl forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil ach chomh beag ag príomhoidí maidir lena dtuiscint ar na cur chuigí is éifeachtaí chun feabhas a chur ar theagasc na litearthachta agus úsáid na measúnachta.